[Seán Ó Braonáin cct] chuim Tomáis Uí Dhúnlaing
[Fonn: Máirseáil U'i Shúilleabháin (Páinseach na nUbh]

1 A dhuine gan chéill do mhaisligh an chléir
b is tharcaisnigh naomhscruipt na bhfáige,
c na haitheanta réab 's an t-aifreann thréig
d re taithneamh do chlaonchreideamh Mhártain,
e cá rachair 'od dhíon ar Íosa Nasardha
f nuair chaithfimid cruinn bheith ar mhaoileann Josepha?
g Ní caraid Mac Crae chuim t'anama ' phlé
h ná Calvin bhiais taobh ris an lá sin.

2 Nách damanta an scéal don chreachaire chlaon
b ghlac baiste na cléire 'na pháiste
c 's do glanadh mar ghréin ón bpeaca ró-dhaor
d trí ainibhfios Éva rinn Ádam,
e tuitim arís fé chuing na haicme sin
f tug atharrach brí don scríbhinn bheannaithe,
g d'aistrigh béasa agus reachta na cléire
h 's nách tugann aon ghéilleadh don Phápa?

3 Gach scolaire baoth, ní mholaim a cheird
b 'tá ag obair le géilleadh dá tháille
c don doirbhchoin chlaon dá ngorthar Mac Crae,
d deisceabal straeigh as an gcolláiste.
e Tá adaithe thíos in íochtar ifrinn,
f gan solas gan soilse i dtíorthaibh dorcha,
g tuigsint an léinn, gach cuirpeacht déin
h is Lucifer aosta 'na mháistir.

---

22 *Teideal*: Dhuinnluinng T, Seághan Mac Domhnaill cct B
1.a dhuinne T 1.a mhaslaidh T, mhaslaig B 1.c raob T 1.d le B 1.e dod B 1.f chaithfamíd T 1.f maoilinn B 1.g phleidh T 1.h bhíos B 1.h leis B 2.a claon B 2.c glannuig T 2.d ainnibhfios T, ainnbhfios B 2.d Éabha B 2.g is B 2.h tuigionn T 3.a sgollaire T 3.a mholluim T 3.b 'tág ccobar T 3.b re B 3.c dorbhchon daor B 3.d straodhaig T 3.e fhadoghthe tsíos T 3.e fadaighthe B 3.f sollus T 3.g cuirripeacht T 3.h Luicifer T, Lúcifer B 3.h mhaighistir T